FLORA

Mountain Ash
An Caorthann

Mountain ash thrives on poorer soils. It can grow 15-20m in height and has smooth grey-brown bark. The flowers are creamy white and appear in May, developing into red berries by autumn. These berries are an important food-source for upland and mountain birds.

Bíonn rath ar chaorthann in ithreacha bochta. Is féidir leis fás go hairde 15-20m agus tá coirt mhín liathdhonn aige. Tá na bláthanna buíbhán agus le feiceáil i mBealtaine - forbraíonn siad ina gcaora dearga le teacht an fhómhair. Is foinse bhia tábhachtach iad na caora d' éin sna hardtailte agus sléibhte.

Purple Moor Grass
An Fionnán

This grass has wiry stems and hairy leaves tapering to a point. It varies in height from 15-120cm and may form large clumps. Flowers appear in August and September and the spikes are purple. In autumn the leaves turn golden brown and look like straw.

Tá gais shreangacha agus duilleoga guaireacha ag an bhféar seo a bharrchaolaíonn go pointe. Bíonn éagsúlacht san airde ó 15-120cm agus d'fhéadfadh sé fás ina dtoim mhóra. Bíonn bláthanna le feiceáil i Lúnasa agus Meán Fómhair - bíonn dath corcra ar na spící. Athraíonn na duilleoga go hórdhonn i rith an fhómhair agus breathnaíonn siad cosúil le tuí.

Heath Spotted Orchid
Nuacht Bhallach an Chaoráin

The stems of the plant are solid and can grow 15-45cm in height. The leaves are usually spotted with black, with no more than seven leaves per plant. The flowers are pale pink with purple streaks or spots, and appear between June and August.

Bíonn gais an phlanda soladach agus is féidir leo fás go hairde 15-45cm. Bíonn spotaí dubha ar na duilleoga go hiondúil, agus ní bhíonn níos mó ná seacht nduilleog ar gach planda. Tá na bláthanna bándearg éadrom le stríocáin nó spotaí corcra agus bíonn siad le feiceáil idir Meitheamh agus Lúnasa.

Bog Asphodel
Sciollam na Móna

This plant grows a yellowish star-shaped flower in July and August. Pointed and shaped like a sword, the leaves are bright green in spring, before turning orange and dying at the end of summer. Over the winter, the plant's nutrients are stored in bulbs underground.

Fásann an planda bláth scothbhuí réaltchruthach in Iúil agus Lúnasa. Pointeáilte agus claíomhchruthach, bíonn na duilleoga gléghlas i rith an earraigh, sula n-athraíonn siad go flannbhuí agus faigheann siad bás faoi dheireadh an tsamhraidh. Déantar cothaithigh an phlanda a stóráil i mbleibeanna faoi thalamh i rith an gheimhridh.

Deer Sedge
An Chíb Cheanngheal

Deer sedge has long, needle-like leaves with brownish grass-like flowers at the tip. It grows in clumps in drier areas of bog, and tends to dominate in parts that have been burnt. It can reach a height of 25cm and flowers in May and June.

Tá duilleoga fada cosúil le bioráin ag an gcíb cheanngheal agus bláthanna atá cosúil le féar ag an mbarr. Fásann sí i dtoim i limistéir níos tirime an phortaigh, agus is gnách di a bheith forleathan i gcodanna atá dóite. Is féidir léi airde de 5-25cm a shroicheadh agus bláthaíonn sí i mBealtaine agus Meitheamh.

Tormentil
An Néalfartach

Tormentil's bright yellow flowers can be seen from June to September. Its roots are woody, and the leaves – which are a shiny, deep dark green – are divided into five leaflets. Tormentil has a reddish underground stem which has a rose-smell when cut.

Tá bláthanna geala buí an néalfartaí le feiceáil ó Mheitheamh go Meán Fómhair. Tá na fréamhacha adhmadach, agus tá na duilleoga - atá gléineach agus dúghlas trom - roinnte ina chúig dhuillín. Tá gas faoi thalamh atá scothdhearg ag an néalfartach - bíonn boladh róis uirthi nuair a dhéantar í a ghearradh.

Butterwort
An Bodán Meascáin

Butterwort is a carnivorous plant. It catches insect prey with its yellow-green leaves, which are arranged in a rosette. Each leaf is curled at the edges and when an insect lands, the leaf's sticky surface holds it fast. The flowers are violet.

Is planda feoiliteach é an bodán meascáin. Beireann sé greim ar fheithide creiche lena dhuilleoga buíghlasa atá eagraithe i róiséad. Tá gach duilleog catach ag na ciumhaiseanna agus nuair a dhéanann feithid tuirlingt, beireann dromchla greamaitheach na duilleoige uirthi agus coinníonn sé ceangailte í. Bíonn dath vialait ar na bláthanna.

Bracken Fern
An Raithneach Mhór

This fern's leaves are oval in shape with triangular blades. When young, the leaves are densely-haired, while mature leaves are only hairy underneath. The stems are erect and can grow 50-200cm high. Eaten in large quantities, bracken fern can be poisonous to livestock.

Tá duilleoga na raithní glas, agus iad ubhchruthach le lanna triantánacha. Ní bhíonn an duilleog óg ró-ghuaireach, cé go mbíonn duilleoga lánfhásta guaireach in íochtar. Bíonn na gais ceartseasmhach agus is féidir leo fás go hairde 50-200cm. I gcainníochtaí móra, is féidir leis an raithneach mhór a bheith nimhneach do bheostoc.